

Comhaontú Comhair idir an tÚdarás Saothair Eorpach agus SOLVIT chun cásanna a tharchur le haghaidh idirghabhála

An tÚdarás Eorpach Saothair, arna ionadú chun an Comhaontú Comhair seo a shíniú ag a Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Marius-Cosmin Boianiu,

agus

SOLVIT, arna ionadú chun an Comhaontú Comhair seo a shíniú ag Stiúrthóir Stiúrtóireacht E d'Ard-Stiúrtóireacht an Mhargaidh Inmheánaigh, Tionscail, Fiontraíochta agus FBManna an Choimisiúin Eorpaigh, Mary Veronica Tovsak Pleterski,

dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta, nó go leithleach mar 'ELA' nó 'SOLVIT'

tar éis comhaontú mar a leanas:

Cuid I - Prionsabail ghinearálta comhair

Airteagal 1 - Creat dlíthiúil

1. Bunaítear ELA le Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019¹ (an 'Rialachán bunaithe').
2. Is é cuspóir an Údaráis Eorpaigh Saothair, mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán bunaithe, rannchuidiú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach córais slándála sóisialta a chomhordú laistigh den Aontas. Chuige sin, déanfaidh ELA idirghabháil agus éascóidh sé réiteach i gcásanna díospóidí trasteorann idir na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm dhlí ábhartha an Aontais.
3. De bhun Airteagal 13(1) den Rialachán bunaitheach, is é is aidhm don idirghabháil tuairimí éagsúla a réiteach idir na Ballstáit maidir le cásanna aonair chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán agus tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh.
4. Tar éis Moladh 2013/461/AE ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT² (an 'Moladh ón gCoimisiún'), bunaíodh SOLVIT mar ghréasán ionad arna bhunú ag Ballstáit agus ag Stáit LEE laistigh dá gcuid riaracháin náisiúnta féin, mar mhodh tapa agus neamhfhoirmiúil chun fadhbanna a réiteach a bhíonn ag daoine aonair agus ag gnóthaí maidir le cinntí na n-údarás poiblí agus a gcearta sa mhargadh inmheánach á bhfeidhmiú acu. Faigheann gréasán na n-ionad náisiúnta SOLVIT ('ionaid náisiúnta SOLVIT') cúnamh agus tacaíocht ó fhoireann chomhordaithe an Choimisiúin Eorpaigh ('EC SOLVIT'), a dhéanann, i measc nithe eile, feidhmchlár SOLVIT a chruthaítear laistigh de Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a bhainistiú agus a chothabháil chun tacú le cásanna SOLVIT a láimhseáil.

¹ Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lgh. 21-56)

² Moladh 2013/461/AE ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT (IO L 249, 19.9.2013, lgh. 10–15)

5. Is é cuspóir SOLVIT, mar atá forordaithe i bpointe I. den Mholadh ón gCoimisiún, réitigh thapa, éifeachtacha agus neamhfhoirmiúla a sholáthar ar fhadhbanna a bhíonn ag daoine aonair agus ag gnóthaí nuair a bhíonn a gcearta AE sa mhargadh inmheánach á dhiúltú ag údaráis phoiblí. Rannchuidíonn sé le margadh aonair a fheidhmiú níos fearr trí chomhlíonadh níos fearr le dlí an Aontais a chothú agus a chur chun cinn.
6. Leagtar béim in aithris (16) den Rialachán bunaitheach ar an ngá atá le ELA comhoibriú le tionscnaimh agus líonraí ábhartha eile de chuid an Aontais, agus SOLVIT, san áireamh, go háirithe. Leagtar amach in Aithris (23) den Rialachán bunaitheach creat don ghaolmhaireacht idir ELA agus SOLVIT maidir le hidirghabháil. Foráiltear leis gur cheart go mbeadh sé de chumas ag na Ballstáit cásanna aonair atá faoi dhíospóid a tharchur chuig ELA le haghaidh idirghabhála tar éis mainneachtain iad a réiteach trí bhíthin teagmhála díri agus idirphlé. Ina theannta sin, ordáíonn sé gur cheart go mbeadh sé de chumas ag líonra SOLVIT cásanna a chur faoi bhráid ELA lena mbreithniú nach féidir an fhadhb a réiteach mar gheall ar dhifriochtaí idir riaracháin náisiúnta.
7. Is é cuspóir an Chomhaontaithe seo a chinntiú go gcomhlíonann ELA agus SOLVIT ceanglais an Rialacháin bhunaidh agus, ag an am céanna, go mbainfear amach cuspóirí ELA agus SOLVIT araon trí chomhoibriú agus trí chomhordú níos fearr maidir le cásanna a tharchur agus maidir le faisnéis a mhalartú. Is éard atá i gceist leis sin comhordú éifeachtach a dhéanamh ar atreorú cásanna SOLVIT gan réiteach, mar atá sainmhínithe in Airteagal 3, ó SOLVIT go ELA lena mbreithniú, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar inghlacthacht cásanna den sórt sin don nós imeachta idirghabhála agus malartú faisnéise agus beart leantach riachtanach a áirithiú.

Airteagal 2 – Bealaí Comhair agus Cumarsáide

1. Ba cheart do SOLVIT agus ELA cloí le prionsabail na faisnéise agus an chomhair fhrithpháirtigh arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a áirithiú, cuspóir Airteagal 13 den Rialachán bunaidh a bhaineann le hidirghabháil idir na Ballstáit a chomhlíonadh agus cuspóir an Mholta ón gCoimisiún a bhaint amach.
2. Ba cheart comhoibriú dlúth agus éifeachtach agus forbhreathnú ar chásanna a tharchuirtear idir ELA agus SOLVIT a áirithiú trí phointí teagmhála ainmnithe. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go gcoimeádtar na hOifigigh Idirchaidrimh Náisiúnta ábhartha ar an eolas. I gcás SOLVIT, is é EC SOLVIT an pointe teagmhála ainmnithe, is é sin foireann an Choimisiúin Eorpaigh, a thugann tacaíocht agus cúnamh d'fheidhmiú SOLVIT. I gcás ELA, is í an Rúnaíocht Idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 19(26) de na Rialacha Nós Imeachta um Idirghabháil a bheidh mar phointe teagmhála ainmnithe.
3. Ba cheart faisnéis maidir le cásanna arna dtarchur chuig ELA lena mbreithniú agus doiciméid ábhartha a mhalartú go leictreonach lena n-áirithítear go bhfuil an t-ábhar anaithnid go hiomchuí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de na Rialacha Nós Imeachta um Idirghabháil.

Cuid II – Comhar maidir le hidirghabháil

A. Ról agus freagracht SOLVIT

Airteagal 3 – Cásanna incháilithe lena dtarchur

1. De bhun Airteagal 1(3) agus (6) den Chomhaontú seo, féadfaidh SOLVIT na cásanna sin a dúnadh mar chásanna gan réiteach i mbunachar sonraí SOLVIT a tharchur chuig ELA lena ligean isteach sa nós imeachta idirghabhála a bhreithniú. Is cásanna iad seo nach bhféadfaí teacht ar réiteach iontu faoin nós imeachta SOLVIT.
2. Ní dhéanfar ach amháin cásanna nár thángthas ar réiteach orthu agus a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán bunaitheach, mar a shonraítear ina Airteagal 1(4), a tharchur chuig ELA le haghaidh idirghabhála.

Airteagal 4 – Comhaontú frithpháirteach lárionaid náisiúnta SOLVIT chun an cás a tharchur

1. Is gnách go láimhseáltar cásanna SOLVIT sa dhá lárionad SOLVIT, an ‘t-ionad baile’³ agus an ‘ceannionad’⁴. Comhoibríonn siad ar bhealach oscailte trédhearcach d’fhonn teacht ar réitigh thapa agus éifeachtacha d’iarratasóirí agus an forbhreathnú is fearr a bheith acu ar dhul chun cinn na gcásanna.
2. Sula ndéantar cás a tharchur chuig ELA lena bhreithniú, ba cheart d’ionaid náisiúnta SOLVIT a chomhaontú go frithpháirteach gur céim iomchuí chun cinn é nós imeachta idirghabhála ELA chun teacht ar réiteach i gcás inar theip ar nós imeachta SOLVIT agus ar a shásraí teacht ar réiteach praiticiúil. Ba cheart do na hionaid SOLVIT a sheiceáil go cúramach go dtagann na ceisteanna dlí, a ardaíodh sa chás nach bhfuil réiteach orthu, faoi shainchúram an Rialacháin bhunaidh. Ba cheart a gcomhaontú le haghaidh atreoraithe a bhaint amach laistigh de chúig lá oibre dhéag ó dháta dúnta an cháis mar chás nár thángthas réiteach air i mbunachar sonraí SOLVIT.

Airteagal 5 – Comhairle dlí neamhfhoirmiúil

1. De bhun an Mholta ón gCoimisiún, féadfaidh saineolaithe ón gCoimisiún cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt d’ionaid náisiúnta SOLVIT trí chomhairle dlí neamhfhoirmiúil a sholáthar i gcásanna casta, arna iarraidh sin do na hionaid SOLVIT. Tá comhairle dlí den sórt sin neamhfhoirmiúil amháin, roghnach, agus níl sé ceangailteach ar an gCoimisiún. Tagann comhairle dlí neamhfhoirmiúil ón gCoimisiún faoi raon feidhme Rialachán (CE) 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Breithneoidh tíortha LEE ar iarratais agus aird chúil á tabhairt ar phrionsabal an chomhair dhílis.
2. Spreagtar ionaid náisiúnta SOLVIT chun comhairle dlí neamhfhoirmiúil a fháil ó sheirbhísí an Choimisiúin le linn nós imeachta SOLVIT d’fhonn na dearthaí éagsúla a réiteach agus foinse agus

³ ‘Ionad Baile’: an t-ionad SOLVIT sa Bhallstát a bhfuil na naisc is dlúithe aige leis an iarratasóir bunaithe ar, mar shampla, náisiúntacht, áit chónaithe, bhunaíocht nó an áit a bhfuair an t-iarratasóir na cearta i gceist, Roinn I.B, pointe 7 den Mholadh 2013/461/AE

⁴ ‘Ceannionad’: an t-ionad SOLVIT an Bhallstáit inar tharla an sárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais lena rialaítear an margadh inmheánach, Roinn I.B, pointe 8 den Mholadh 2013/461/AE

cineál na díospóide a shainnítear. Ba cheart an chomhairle sin a chur faoi bhráid ELA mar aon leis an gcás a tharchur lena bhreithniú.

Airteagal 6 – Nós imeachta chun an cás a tharchur chuig ELA ag ionaid náisiúnta SOLVIT

1. A luaithe a thiocfaidh na hionaid SOLVIT ar chomhaontú frithpháirteach maidir le cás a tharchur chuig ELA, ba cheart dóibh a n-údarás náisiúnta ábhartha agus pointe teagmhála EC SOLVIT a shainítear in Airteagal 2(2) den Chomhaontú seo a chur ar an eolas laistigh de 5 lá oibre.
2. Ba cheart go n-aontódh na lárionaid náisiúnta SOLVIT cén ionad náisiúnta SOLVIT atá freagrach as an tarchur a dhéanamh (an 't-ionad atreoraithe').
3. Ba cheart don ionad tarchurtha an cás a chur chuig an bpointe teagmhála arna ainmniú ag an ELA a shainítear in Airteagal 2 (2) den Chomhaontú seo.
4. Ní mór na doiciméid go léir a gcuirtear síos orthu in larscríbhinn 1 den Chomhaontú seo a áireamh i gcásanna a tharchuirtear chuig ELA.
5. Admhóidh an pointe teagmhála a bheidh ainmnithe ag an ELA go bhfuarthas tarchuir ón ionad tagartha.

B. Ról agus freagracht ELA

Airteagal 7 – Breithniú ar tharchur SOLVIT

1. Ar an tarchur a fháil ón ionad náisiúnta SOLVIT lena mbaineann, déanfaidh ELA measúnú, laistigh de 15 lá oibre, ar an achoimre cáis agus ar aon doiciméid eile a tíolacadh agus fíoróidh sé cibé an dtagann nó nach dtagann an díospóid faoi raon feidhme na hidirghabhála, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo.
2. Féadfaidh ELA faisnéis bhreise agus/nó soiléirithe a iarraidh ó aon cheann de na hionaid náisiúnta SOLVIT lena mbaineann chun an cás a mheas go mion sula gcinneadh sé cibé a nós imeachta idirghabhála a sheoladh nó gan é a sheoladh.
3. Más rud é go dtagann an díospóid dá dtagraítear lasmuigh de raon feidhme ELA, cuirfidh ELA é sin in iúl don ionad náisiúnta tarchurtha SOLVIT agus do EC SOLVIT dá réir sin. Má thagann an díospóid faoi raon feidhme a nós imeachta idirghabhála, féadfaidh ELA smaoineamh ar nós imeachta idirghabhála a sheoladh ar a thionscnamh féin, ar bhonn Airteagal 13(2) den Rialachán bunaitheach. Sa chás sin, beidh feidhm ag na forálacha is infheidhme sna Rialacha Nós Imeachta maidir le hidirghabháil ar thionscnamh an ELA féin. I gcás den sórt sin, tabharfaidh ELA fógra don ionad tagartha agus do EC SOLVIT.

Airteagal 8 – Fógra a thabhairt do EC SOLVIT

1. Ba cheart do ELA EC SOLVIT a chur ar an eolas maidir lena chinneadh agus maidir le gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh le linn aon nós imeachta idirghabhála arna seoladh ar bhonn cásanna arna dtarchur ag an ionad tarchurtha, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chomhaontú seo.
2. Tabharfaidh ELA fógra do EC SOLVIT, maidir le hinghlacthacht nó neamhinghlacthacht den chás don nós imeachta idirghabhála, agus cibé an molfaidh nó na nach molfaidh ELA nós imeachta idirghabhála a sheoladh ar a thionscnamh féin maidir leis an gcás dá dtagraítear - laistigh de 10 lá oibre ón dáta a ndearnadh an cinneadh, lena n-áirítear an réasúnaíocht.

3. I gcás ina seolann ELA an nós imeachta idirghabhála ar bhonn cáis arna tharchur ag an ionad tagartha, tabharfaidh ELA fógra, laistigh de 10 lá oibre, do EC SOLVIT maidir le gach céim den nós imeachta idirghabhála agus a thoradh.

Airteagal 9 – Tuairisciú ag ELA

De bhun Airteagal 13 (13) den Rialachán bunaidh agus leis na Rialacha Nós Imeachta um Idirghabháil, tuairisceoidh ELA don Choimisiún dhá uair sa bhliain maidir le toradh na gcásanna idirghabhála a sheol sé agus maidir le cásanna nár leanadh leo. Áireofar leis sin faisnéis faoi chásanna a láimhseálfar de réir an Chomhaontaithe seo.

Cuid III – Ilghnéitheach

Airteagal 10 – Meastóireacht ar an gcomhar

Déanfaidh na Páirtithe meastóireacht chomhpháirteach, tar éis dhá bhliain ar dtús ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus ansin ar bhonn riachtanas, ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 11 – Díospóidí a réiteach

Déanfar aon díospóid a eascróidh as léiriú nó feidhmiú an Chomhaontaithe seo a réiteach trí dhul i gcomhairle agus i mbun caibidlíochta idir ionadaithe na bPáirtithe.

Airteagal 12 – Leasuithe agus forlíontaí ar an gComhaontú

1. Féadfar an Comhaontú seo a leasú nó a fhorlíonadh tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe.
2. Déanfar gach leasú agus forlíonadh i scríbhinn. Tiocfaidh siad i bhfeidhm an lá tar éis don dá Pháirtí iad a shíniú.

Airteagal 13 – Foirceannadh

Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh i scríbhinn trí fhógra trí mhí a thabhairt.

Airteagal 14 – Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá tar éis don dá Pháirtí é a shíniú.

(ríomhshínithe)

(ríomhshínithe)

MARIUS-COSMIN BOIANGIU

MARY VERONICA TOVSAK PLETESKI

STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

STIÚRTHÓIR

IARSCRÍBHINN 1

Faisnéis atá le háireamh san achoimre ar chás dá dtagraítear in Airteagal 9(6)

Cuspóir: Nuair a chomhaontaíonn ionaid náisiúnta SOLVIT cás a tharchur chuig ELA le haghaidh eadrána, ba cheart go léireofar go soiléir san iarraidh a sheoltar na hábhair imní atá ag an dá ionad náisiúnta SOLVIT a bhfuil baint acu leis an iarraidh. Déanfar é seo in achoimre ar chás a cheadóidh don ELA cúis agus cineál na díospóide a chinneadh. Ní bheidh aon sonraí pearsanta san achoimre ar chás.

Áireofar san achoimre ar chás:

1. Faisnéis ghinearálta

- Cur síos ar an díospóid ina bhfuil tuairimí na n-ionad náisiúnta SOLVIT maidir le fíricí agus cur i bhfeidhm dhlí an AE
- na húdaráis náisiúnta atá i gceist
- na príomhcheisteanna conspóide
- na gníomhartha Aontais ar a bhfuil an díospóid bunaithe
- pointe teagmhála san ionad tagartha
- deimhniú comhaontaithe fhrithpháirtigh idir an dá ionad SOLVIT le haghaidh atreoraithe

2. Doiciméid bhreise:

- comhairle dlí neamhfhoirmiúil a fhaightear ó sheirbhísí an Choimisiúin, má chuirtear ar fáil í sa chás lena mbaineann

3. Páirtí/páirtithe leasmhara eile atá i gceist

- Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta
- Páirtí/páirtithe leasmhara eile

4. Cásanna a bhaineann le slándáil shóisialta

- Má bhaineann an cás gan réiteach le cur i bhfeidhm rialacha AE um chomhordú slándála sóisialta, faisnéis maidir le cibé ar cuireadh an cás faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú Córas Slándála Sóisialta dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ⁵; (“Coimisiún Riaracháin” anseo feasta) ag aon cheann de na páirtithe. Má bhaineann, tabhair sonraí, dáta, srl.
- Séanadh:

⁵ Rialachán (AE) 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1)

- Cuirfidh an ELA an Coimisiún Riaracháin ar an eolas faoi gach díospóid a dtarchuirtear chuig idirghabháil ag an ELA a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta. Chun na críche sin, cuirfear an ráiteas mionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin Riaracháin.
- I gcomhaontú leis na Ballstáit is páirtí sa díospóid, féadfaidh an Coimisiún Riaracháin iarraidh ar an Údarás Eorpach Saothair an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin.
- Féadfaidh aon Bhallstát is páirtí sa díospóid a iarraidh ar an Údarás Eorpach Saothair an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an gCoimisiún Riaracháin.
- Má thugtar gnéithe nua isteach sa díospóid a bhaineann le slándáil shóisialta, nach raibh soiléir nó doiciméadaithe ar dtús, tráth ar bith tar éis seoladh an nós imeachta idirghabhála, cuirfidh an tÚdarás Eorpach Saothair an nós imeachta ar fionraí, agus cuirfidh sé an Coimisiún Riaracháin ar an eolas. Fanfaidh an ELA le cinneadh an Choimisiúin Riaracháin cibé an n-iarrfaidh nó nach n-iarrfaidh sé, laistigh den spriodhata sonraithe, go ndéanfaí an díospóid a tharchur sula rachfar ar aghaidh níos faide.
- Má bhaineann díospóidí le saincheist a éilíonn léirmhíniú nua ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus 987/2009⁶, beidh sé seo lasmuigh de raon feidhme nós imeachta idirghabhála an Údaráis Eorpaigh Saothair.

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1)